

Cén fáth a bhfuil vacsaín fliú uait?

Ní hionann an fliú agus slaghdán

Ní hamháin go bhféadfadh an fliú a bheith ina chúis le niúmóine ach d'fhéadfadh sé breoiteachtaí ainsealacha a dhéanamh níos measa.



Tá an fliú tromchúiseach

Faigheann 500 duine bás de bharr fliú in Éirinn gach bliain.

Cosnaíonn an vacsaín fliú thú

Ba chóir duit an vacsaín fliú a fháil má:

- tá tú 65 bliain d'aois nó os a chionn
- tá fadhbanna sláinte ainsealacha amhail galar croí nó galar scamhóige ort
- tá tú ag iompar clainne



Cosnaíonn an vacsaín fliú na daoine atá i do thimpeall freisin

Ba chóir duit an vacsaín fliú a fháil más oibrí cúram sláinte nó cúramóir thú nó má chónaíonn tú le duine a bhfuil breoiteacht ainsealach orthu.



Tá an vacsaín fliú ar fáil saor in aisce dóibh siúd atá i mbaol

Téigh i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh (GP) nó le do phoitigéir maidir leis an vacsaín fliú a fháil.